Comhaltas na Mac Léinn,
Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway
Students' Union

# Straitéis na Gaeilge 2024 - 2027 – Comhaltas na Mac Léinn Ollscoil na Gaillimhe

Tá spriocanna Gaeilge Chomhaltas na Mac Léinn leagtha amach sa cháipéis seo. Beidh ar an Leas-Uachtarán don Ghaeilge uasdátú a thabhairt ag deireadh a dtréimhse ar mhaithe le freagracht agus déanfar athbhreithniú ar an Straitéis in 2027.

*Úsáid:*

| **Cuspóir** | **2024-2025** | **2025-2026** | **2026-2027** | **Leanúnach / Toradh** |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| Suíomh gréasáin dhátheangach. | | | | Go mbeidh cnaipe Gaeilge ar an suíomh gréasáin ionas gur féidir an t-eolas ar fad a fháil i nGaeilge. |
| Comhthartaí dátheangach san oifig. | | | | Go mbeidh gach comhartha san oifig i nGaeilge agus Béarla. |
| Biachlár dátheangach i Sult agus Smokey's. | | | | Go mbeidh biachlár Sult agus Smokey's go hiomlán dátheangach. |
| Comhfhreagras dátheangach (m.sh r-phoist, preaseisiúintí, na meáin shóisialta, póstaeir). | | | | De réir a chéile beidh achan rud i nGaeilge ó thaobh cumarsáide de. |
| Forbairt a dhéanamh ar an gCoiste Gaeilge. | | | | 6 chruinniú in aghaidh na bliana agus líon na mball a mhéadú. |
| Dhá sheachtain i rith na bliana acadúla leis an nGaeilge mar mhórthéama. | | | | Seachtain na Gaeilge agus an tSeachtain Ghaelach / GaelSeachtain. |
| Ar a laghad dhá imeacht trí Ghaeilge le linn aon sheachtain le téama. | | | | SHAG / Seachtain na nGiobal / Seize the Awkward m.sh. |
| Go ndéanfaidh an Comhaltas stocaireacht ar chearta teanga na gclubanna agus na gcumann. | | | | Ríomhphost a sheoladh i nGaeilge, YourSpace. |
| Go gcinnteoidh an Comhaltas go bhfuil an | | | | Freagracht na hOllscoile a chinntiú. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ollscoil ag déanamh a dícheall na spriocanna atá luaite i Straitéis na Gaeilge a bhaint amach. | | | | |

*Freastal:*

| **Cuspóir** | **2024-2025** | **2025-2026** | **2026-2027** | **Leanúnach / Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| Go ndéanfaidh an Comhaltas stocaireacht ar spásanna sóisialta na Gaeilge a mhéadú / neartú. | | | | Caifé na Gaeilge a choinneáil oscailte, spás sa leabharlann nua m.sh. |
| Go ndéanfaidh an Comhaltas stocaireacht ar Chomhairle Acadúil ionas go mbeidh suíochán ag an LU don Ghaeilge ar nó go mbeidh ionadaí le Gaeilge fheidhmiúil ann. | | | | Cinnteoidh sé seo nach mbeidh an Ghaeilge fágtha ar lár. |
| Go gcuirfidh an Comhaltas ranganna breise ar fáil. | | | | Tá sé de cheart ag gach mac léinn an Ghaeilge a foghlaim. |
| An Ghaeilge a chuir chun cinn i measc na gcumann agus na gclubanna. | | | | Gradam Gaelach. |
| Go gcinnteoidh an Comhaltas go bhfuil baill foirne le Gaeilge fostaithe i ngach oifig / bialann / foirgneamh ar champas. | | | | Tá sé de cheart ag gach mac léinn an Ghaeilge a úsáid mar a dteanga chumarsáide ar champas. |

*Foghlaim:*

| **Cuspóir** | **2024-2025** | **2025-2026** | **2026-2027** | **Leanúnach / Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| Go mbeidh ranganna Gaeilge ar fáil do gach mac léinn. | | | | |
| Go ndéanfaidh oifigigh an Chomhaltais iarracht a nGaeilge a fheabhsú. | | | | Is Comhaltas dátheangach muid agus ba chóir go mbeidh Gaeilge ar leibhéal eicínt ag gach oifigeach. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| CÉIM | | | | CÉIM a bheith ar fáil do mhic léinn na Gaeilge. |
| Gradam Gaelach a mhéadú / neartú gach bliain. | | | | Go mbeidh gach cumann agus club cláraithe don scéim. |